Scrúduimhir
Examination Number

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998
LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 1998

# GEARMÁINIS — GNÁTHLEIBHÉAL
# GERMAN — ORDINARY LEVEL

DÉ LUAIN, 22 MEITHEAMH — 12.10 go dtí 12.50
MONDAY, 22 JUNE — 12.10 to 12.50

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)
## LISTENING COMPREHENSION (100 marks)

AM CEADAITHE 40 NÓIMÉAD
TIME ALLOWED 40 MINUTES

**STAMPA AN IONAID**
(Centre Stamp)

| | |
|---|---|
| CUID I | |
| CUID II | |
| CUID III | |
| CUID IV | |
| Iomlán | |

**An Chéad Chuid**

Tá fear óg ag caint ar an raidió faoina obair mar fhear dóiteáin.

Cloisfidh tú an t-agallamh ***trí*** huaire. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é: ansin athchloisfidh tú é i míreanna agus sosanna ann. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

1. Cén fáth gur roghnaigh Dirk a bheith ina fhear dóiteáin? Mínigh agus **dhá** shonra a thabhairt.

2. Bíonn ar fir dóiteáin cúrsa iomlán oiliúna a dhéanamh. Luaigh **dhá** shonra i dtaobh an chúrsa.

3. Éilíonn post an fhir dóiteáin an-chuid air. Cén fáth, dar le Dirk? Luaigh **dhá** chúis.

4. Luaigh **trí** ghníomhaíocht, seachas múchadh dóiteáin, atá mar chuid den tseirbhís a sholáthraíonn fir dóiteáin Münster.

5. Céard iad na leideanna a thugann Dirk má theastaíonn ó dhuine bheith ina bhall den tseirbhís dóitéain? **Dhá** shonra a thabhairt.

**First Part**

A young man speaks on radio about his work as a fireman.

The interview will be played ***three*** times: first right through, then in segments with pauses, and finally right through again.

1. Why did Dirk choose to become a fireman? Explain giving **two** details.

2. Firemen require a thorough training course. Mention **two** details of the training course.

3. Why is a fireman's job so demanding, according to Dirk? Mention **two** reasons.

4. Mention **three** activities other than fire-fighting which form part of the work of the Münster fire service.

5. What tips does Dirk give for people who want to join the fire service? Give **two** details.

## An Dara Cuid

Cloisfidh tú comhrá gutháin anois. Tógann Frau Stark teachtaireacht ón duine atá ar an nguthán.

Chun ligean duit **Ceisteanna 1, 2, agus 3** a fhreagairt, cloisfidh tú an glao gutháin ***faoi dhó***. Beidh sos tar éis gach éisteachta. Ar deireadh cloisfidh tú an glao gutháin arís don ***tríú*** huair chun ligean duit **Ceist 4** a fhreagairt.

## Second Part

You will now hear a telephone conversation. Frau Stark takes a message from the caller.

To allow you to answer **Questions 1, 2 and 3**, the phonecall will be played ***twice***, with a pause after each playing. The phonecall will then be played for a ***third*** and final time to allow you to answer **Question 4**.

**1.** *(a)* Cuireann an duine atá ar an nguthán glao ar eagraíocht/fhoirgneamh. Céard í/é?

**1.** *(a)* What organisation/building is the caller phoning?

___

*(b)* Cé leis a bhfuil sé ag iarraidh labhairt?

*(b)* Who does he wish to speak to?

___

**2.** Cén **fhadhb** atá ag déanamh imní don duine atá ar an nguthán? ***Dhá*** shonra a thabhairt.

**2.** What **problem** is the caller concerned about? Give ***two*** details.

___

___

___

**3.** Cad é **ainm** agus **uimhir ghutháin** an duine atá ag glaoch?

**3.** What is the **name** and **telephone number** of the caller?

___

___

**Freagair Ceist 4 anois.**

**4.** Agus tú ag éisteacht leis an nglao gutháin don ***tríú*** huair, cuir tic (✓) in aice an fhreagra chuí.

Cuireann an duine an glao guthán chun

- *(a)* gearán a dhéanamh ☐
- *(b)* leithscéal a ghabháil ☐
- *(c)* eolas a lorg ☐
- *(d)* rud éigin a chur in áirithe ☐

**Now answer Question 4.**

**4.** In listening to the phone-call for the ***third*** time, tick (✓) the correct answer.

The caller is phoning to

- *(a)* make a complaint ☐
- *(b)* apologise ☐
- *(c)* look for information ☐
- *(d)* make a reservation ☐

## An Tríú Cuid

Cloisfidh tú comhrá anois idir Steffi agus Matthias. Cloisfidh tú an comhrá faoi ***dhó***. Beidh sos tar éis gach éisteachta.

1. (*a*) Cá fhad atá aithne ag Matthias ar Steffi?

   (*b*) Cén t-athrú atá ag tarlú do Steffi ar an lá seo?

2. Tá Matthias ag cabhrú le Steffi nithe éagsúla a chur sna háiteanna is mian léi. Ainmnigh **dhá** ní díobh.

3. Tabhair **dhá** shonra ón gcomhrá chun a mhíniú cén fáth go bhfuil cuma chomh huafásach sin ar an gcistin.

4. Cad atá ar intinn ag Steffi a dhéanamh chun fadhb na cistine a réiteach?

   (*a*) béile a hullmhú do na daoine lena roinneann sí an chistin.

   (*b*) nóta gearáin a sheoladh chuig fear an tí.

   (*c*) nóta a scríobh ag iarraidh cruinnithe.

   (*d*) bean ghlantacháin a fhostú.

   Cuir do rogha in iúl trí *a*, *b*, *c* nó *d* a chur sa bhosca cuí. ☐

## Third Part

You will now hear a conversation between Steffi and Matthias. The dialogue will be played ***twice***, with a pause after each playing.

1. (*a*) How long has Matthias known Steffi?

   (*b*) What change is taking place for Steffi on this day?

2. Name **two** items that Matthias is helping Steffi to put where she wants them.

3. Give **two** details from the conversation to explain why the kitchen looks so awful.

4. What does Steffi plan to do to sort out the problem in the kitchen?

   (*a*) cook a meal for the others who share the kitchen.

   (*b*) send a note of complaint to the landlord.

   (*c*) write a note to ask for a meeting.

   (*d*) employ a cleaning lady.

   Indicate your choice by putting *a*, *b*, *c* or *d* in the box provided. ☐

## An Ceathrú Cuid

Anois cloisfidh tú trí mhír nuachta, agus faisnéis na haimsire, ón raidió. Cloisfidh tú an nuacht ***trí*** huaire. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é; ansin athchloisfidh tú é i ***gceithre*** mhír, agus sosanna ann. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos arís é.

## Fourth Part

You will now hear three news items taken from radio, followed by the weather forecast. The news will be played ***three*** times; the first time right through, then in ***four*** segments with pauses, and finally right through again.

(*Mír 1*):

**1.** (*a*) Cá háit a tharla an dá chrith talún?

(*b*) Cé chomh láidir is a bhí na critheanna talún ar an scála Richter?

(*Item 1*):

**1.** (*a*) Where did the two earthquakes take place?

(*b*) What was the strength of the earthquakes on the Richter scale?

(*Mír 2*):

**2.** Tá troscán déanta as plaisteach faiseanta faoi láthair. Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an ábhar seo a úsáid do throscán, faoi mar atá luaite.

(*Item 2*):

**2.** Plastic furniture is now very trendy. Give **two** advantages mentioned for using this material in furniture.

(*Mír 3*):

**3.** Tá aonach mór domhanda le tarlú. **Cén bhliain** agus **cá háit**?

(*Item 3*):

**3.** **In what year** is this great world fair to take place, and **where**?

**4.** Cé mhéad cuairteoir a bhfuil súil leo teacht ann gach lá?

**4.** How many visitors are expected to come there each day?

(*Mír 4*): *Faisnéis na haimsire*

**5.** (*a*) Cén chaoi a mbeidh an aimsir **inniu**? Tabhair ***dhá*** shonra.

(*b*) Tugtar rabhadh ag deireadh na faisnéise. Céard é féin?

(*Item 4*): *Weather Forecast*

**5.** (*a*) What kind of weather is expected for **today**? Give ***two*** details.

(*b*) What warning is given at the end of the forecast?

(*a*)

(*b*)